

**Leasú 526****Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**

thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil****Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023****Togra le haghaidh rialacháin****Iarscríbhinn V – pointe 3***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3.	Plaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile	Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh bianna agus deochanna a líontar agus a thomhlaítear laistigh den áitreabh san earnáil HORECA, lena n-áirítear na limistéir itheacháin uile laistigh d'áit ghnó agus lasmuigh di, a bhíonn breac le táblaí agus stólta, limistéir sheasaimh agus limistéir itheacháin arna dtairiscint ag oibreoirí eacnamaíocha éagsúla i gcomhpháirt nó ag tríú páirtí do na húsáideoirí deiridh chun críche tomhaltas bia agus deochanna	Tráidirí, plátaí agus cupáin indiúscartha, málaí, scragall, boscaí
----	--	--	--

*Leasú*

3.	Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile, <b>le paicéid agus cumhdaigh as an áireamh.</b>	Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh bianna agus deochanna, <b>le paicéid agus cumhdaigh atá déanta as ábhar solúbtha as an áireamh</b> , a líontar agus a thomhlaítear laistigh den áitreabh san earnáil HORECA, lena n-áirítear na limistéir itheacháin uile laistigh d'áit ghnó agus lasmuigh di, a bhíonn breac le táblaí agus stólta, limistéir sheasaimh agus limistéir itheacháin arna dtairiscint ag oibreoirí eacnamaíocha éagsúla i gcomhpháirt nó ag tríú páirtí do na húsáideoirí deiridh chun críche tomhaltas bia agus deochanna	Tráidirí, plátaí agus cupáin indiúscartha, málaí, scragall, boscaí
----	---	---	--

Or. en

20.11.2023

A9-0319/527

**Leasú 527**

**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**

thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn V – pointe 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3.	Plaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile	Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh bianna agus deochanna a líontar agus a thomhlaítear laistigh den áitreabh san earnáil HORECA, lena n-áirítear na limistéir itheacháin uile laistigh d'áit ghnó agus lasmuigh di, a bhíonn breac le táblaí agus stólta, limistéir sheasaimh agus limistéir itheacháin arna dtairiscint ag oibreoirí eacnamaíocha éagsúla i gcomhpháirt nó ag tríú páirtí do na húsáideoirí deiridh chun críche tomhaltas bia agus deochanna	Tráidirí, plátaí agus cupáin indiúscartha, málaí, scragall, boscaí
----	--	--	--

*Leasú*

3.	Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile <b>seachas pacáistíocht in-athchúrsáilte déanta as ábhair in-athnuaite</b>	Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh bianna agus deochanna a líontar agus a óltar laistigh den áitreabh san earnáil HORECA, lena n-áirítear na limistéir itheacháin uile laistigh agus lasmuigh d'áit ghnó, a chumhdaítear le táblaí agus stólta, limistéir sheasaimh agus limistéir itheacháin a thairgeann oibreoirí eacnamaíocha éagsúla nó tríú páirtí i gcomhpháirt do na húsáideoirí deiridh chun críche tomhaltas bia agus deochanna	Tráidirí, plátaí agus cupáin indiúscartha, málaí, scragall, boscaí
----	---	--	--

Or. en

AM\1291054GA.docx

PE754.376v01-00

20.11.2023

A9-0319/528

**Leasú 528**  
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**  
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**  
**Frédérique Ries**  
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht  
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn V – pointe 4**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4.	Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin san earnáil HORECA	Pacáistíocht aon úsáide in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna, ina mbíonn riar nó díol duine amháin, a úsáidtear le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin, seachas an phacáistíocht sin arna soláthar in éineacht le bia réamhullmhaithe beir leat atá beartaithe lena chaitheamh láithreach gan aon ullmhú breise ag teastáil	Saicíní, tobáin, tráidirí, boscaí
----	--	---	-----------------------------------

*Leasú*

4.	Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, <b>seachas pacáistíocht inmhúirínithe déanta as ábhair in-athnuaite</b> , le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin san earnáil HORECA	Pacáistíocht aon úsáide san earnáil HORECA, <b>seachas pacáistíocht inmhúirínithe déanta as ábhair in-athnuaite</b> , ina bhfuil sciartha nó riar ar leith, a úsáidtear le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin, seachas an phacáistíocht sin a sholáthraítear le chéile le bia réamhullmhaithe beir leat a bheartaítear le haghaidh tomhaltas láithreach gan gá a bheith le haon ullmhú breise	Saicíní, tobáin, tráidirí, boscaí
----	---	---	-----------------------------------

Or. en

20.11.2023

A9-0319/529

**Leasú 529**

**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**

thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn II – Tábla 1 – ró 26**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

26	Plaisteach	Plaistigh dhocht eile, lena n-áirítear. PVC, PC - docht	Docht	
----	------------	---	-------	--

*Leasú*

26	Plaisteach	Plaistigh dhocht eile, lena n-áirítear. Polaiméirí PVC, PC – docht, <b>bithbhunaithe agus/nó in-bhithmhille</b>	Docht	
----	------------	---	-------	--

Or. en

*Réasúnú*

*Tá an leasú seo i gcomhréir le hairteagal 8.3 ina luaitear nach mór do gach formáid de phacáistíocht in-bhithmhille atá éagsúil leis na formáidí a luaitear i mír 1 agus i mír 2 d'Airteagal 8 dul chuig an athchúrsáil mheicniúil. Dá bhrí sin, is gá pacáistíocht bhithbhunaithe agus/nó in-bhithmhille a lua ar liosta na n-ábhar pacáistíochta atá faoi réir athchúrsáil mheicniúil.*

20.11.2023

A9-0319/530

**Leasú 530**

**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**

thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil**

**Frédérique Ries**

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht

(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**A9-0319/2023**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn II – Tábla 1 – ró 27**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

27	Plaisteach	Plaistigh sholúbtha eile lena n-áirítear scannáin phlaisteacha ilsraitheanna agus ábhair ilábhar - atá solúbtha	Púitsí	
----	------------	---	--------	--

*Leasú*

27	Plaisteach	Plaistigh sholúbtha eile <b>lena n-áirítear polaiméirí bithbhunaithe agus/nó in-bhithmhille,</b> scannáin phlaisteacha ilsraitheanna agus ábhair ilábhar – atá solúbtha	Púitsí	
----	------------	---	--------	--

Or. en

*Réasúnú*

*Tá an leasú seo i gcomhréir le hairteagal 8.3 ina luaitear nach mór do gach formáid de phacáistíocht in-bhithmhille atá éagsúil leis na formáidí a luaitear i mír 1 agus i mír 2*

*d'Airteagal 8 dul chuig an athchúrsáil mheicniúil. Dá bhrí sin, is gá pacáistíocht bhithbhunaithe agus/nó in-bhithmhille a lua ar liosta na n-ábhar pacáistíochta atá faoi réir athchúrsáil mheicniúil.*